ORDÚ NA CÚIRTE GINEARÁLTA (an Seachtú Dlísheomra)

23 Bealtaine 2025*

(Caingean le haghaidh neamhniú – An Córas Eorpach um Maoirseacht Airgeadais – Imscrúdú ar dhlí an Aontais a shárú – Tuairim fhoirmiúil an Choimisiúin maidir leis na ngníomhaíocht is gá chun dlí an Aontais a chomhlíonadh – Airteagal 17(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 – Gníomh ar féidir agóid a dhéanamh ina choinne – Easpa cúram díreach – Do-ghlacthacht)

I gCás T-179/24,

Novis Insurance Company, Novis Versicherungsgesellschaft, Novis Compagnia di Assicurazioni, Novis Poisťovňa a.s., atá bunaithe sa Bhratasláiv (an tSlóvaic), dá ndéanann A. Börner, S. Henrich agus S. Förster, Dlíodóirí, ionadaíocht,

iarratasóir,

v

an Coimisiún Eorpach, dá ndéanann B. Stromsky, D. Triantafyllou agus P. Vanden Heede ionadaíocht, i gcáil Gníomhairí,

cosantóir,

tugann AN CHÚIRT GHINEARÁLTA (an Seachtú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: K. Kowalik-Bańczyk (Rapóirtéir), Uachtarán, E. Buttigieg agus G. Hesse, Breithiúna,

Cláraitheoir: V. Di Bucci,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn, go háirithe:

– an phléadáil maidir le do-ghlacthacht a d'ardaigh an Coimisiún i ndoiciméad ar leith a taisceadh i gClárlann na Cúirte Ginearálta an 28 Meitheamh 2024,

– barúlacha an iarratasóra maidir leis an bpléadáil do-ghlacthachta, arna dtaisceadh i gClárlann na Cúirte Ginearálta an 19 Lúnasa 2024,

– iarratas Phoblacht na Slóvaice ar idiragairt arna thaisceadh i gClárlann na Cúirte Ginearálta an 23 Iúil 2024,

* Teanga an cháis: an Béarla.

an tOrdú seo a leanas:

Ordú

1 Lena chaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir, Novis Insurance Company, Novis Versicherungsgesellschaft, Novis Compagnia di Assicurazioni, Novis Poisťovňa a.s., go gcuirfí Tuairim C(2022) 6455 final ón gCoimisiún an 13 Meán Fómhair 2022, a dhírítear chuig Národná banka Slovenska a bhaineann leis na ngníomhaíocht is gá chun Treoir 2009/138/CE ('an gníomh atá faoi chonspóid') a chomhlíonadh, ar neamhní.

Cúlra na díospóide

2 Is gnóthas árachais saoil é an t-iarratasóir atá bunaithe sa tSlóvaic agus atá faoi réir mhaoirseacht Národná banka Slovenska (Banc Náisiúnta na Slóvaice) ('NBS')

3 An 17 Márta 2022, thionscain an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde (ÚEÁPC) imscrúdú de bhun Airteagal 17(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/79/CE ón gCoimisiún (IO 2010 L 331, lch. 48). Bhí sé d'aidhm ag an imscrúdú seo a fhíorú ar fheidhmigh NBS a chumhachtaí mhaoirseachta i leith an iarratasóra i gcomhréir le Treoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le gabháil le gnó árachais agus athárachais agus an gnó sin a shaothrú (Sócmhainneacht II) (IO 2009 L 335, lch. 1).

4 An 16 Bealtaine 2022, ghlac ÚEÁPC, ar bhonn Airteagal 17(3) de Rialachán Uimh. 1094/2010, moladh, a bhí dírithe chuig NBS, maidir leis an ghníomhaíocht is gá a dhéanamh chun Treoir 2009/138 a chomhlíonadh. Bhí an moladh sin ina ábhar do chaingean le haghaidh neamhniú arna tabhairt ag an iarratasóir os comhair na Cúirte Ginearálta agus cláraíodh é mar Chás T-204/24.

5 Chinn ÚEÁPC an tráth sin gur sháraigh an t-iarratasóir agus NBS dlí an Aontais, agus na rialacha a d'eascair as Treoir 2009/138 go háirithe, agus rinne sé dhá mholadh a bhí dírithe chuig NBS ina leagtar amach an ghníomhaíocht atá le déanamh ag NBS chun deireadh a chur leis an sárú sin. Is éard a bhí sna bearta sin, go bunúsach, athbhreithniú a dhéanamh, laistigh de 45 lá, ar staid an iarratasóra agus straitéis 'chuimsitheach/chomhtháite' a ghlacadh, maidir leis an iarratasóir, as a dtiocfaidh réiteach na sáruithe uile nó cinneadh lena dtarraingítear siar a údarú.

6 An 13 Meán Fómhair 2022, ghlac an Coimisiún Eorpach, ar bhonn Airteagal 17(4) de Rialachán Uimh. 1094/2010, an gníomh atá faoi chonspóid.

7 Sa ghníomh atá faoi chonspóid, ar an gcéad dul síos, mheabhraigh an Coimisiún inneachar mholadh ÚEÁPC an 16 Bealtaine 2022 agus rinne sé achoimre air (míreanna 21 go 28 den ghníomh atá faoi chonspóid).

8 Ina dhiaidh sin, scrúdaigh an Coimisiún an ghníomhaíocht a bhí beartaithe ag NBS i ndáil leis an iarratasóir (míreanna 29 go 40 den ghníomh atá faoi chonspóid). Mheas sé – dá fhad nach raibh gníomhaíochtaí maoirseachta glactha ag an údarás náisiúnta sin lena gcuirfí deireadh leis na

sáruithe ar bhealach struchtúrach agus marthanach, lena n-áirítear, más iomchuí nó éigeantach, údarú an iarratasóra a tharraingt siar faoi Airteagal 144 de Threoir 2009/138, go leanfadh an t-údarás náisiúnta sin de dhlí an Aontais a shárú (mír 41 den ghníomh atá faoi chonspóid).

9 Ar deireadh, de réir na conclúide a leagtar amach i míreanna 42 go 45 den ghníomh atá faoi chonspóid, chuir an Coimisiún an méid seo a leanas i iúl:

‘(42) Measann an Coimisiún, chun dlí an Aontais a chomhlíonadh [...], gur cheart do NBS iarrachtaí breise a dhéanamh na gníomhaíochtaí atá beartaithe a chur chun feidhme go tráthúil.

(43) Go háirithe, i gcomhréir leis an straitéis idirghabhála chomhtháite a d’fhógair NBS, ba cheart do NBS an nós imeachta smachtbhannaí a thabhairt i gcrích [...] laistigh de 4 mhí [...], trí ghníomhaíocht mhaoirseachta chinntitheach agus chríochnaitheach a ghlacadh i leith [an iarratasóra] lena n-áirithítear comhlíonadh dhlí an Aontais.

(44) Trína chinneadh údarú [an iarratasóra] a tharraingt siar, arna bheartú ag NBS, d’áiritheofaí go gcomhlíonfaí dlí an Aontais. D’áiritheofaí [...] le cinneadh den sórt sin freisin go nglacfaí seasamh cinntitheach agus gníomhaíochtaí maoirseachta nithiúla i ndáil le gach sárú [...] [an iarratasóra], lena n-áirítear an méid seo a leanas, ach gan bheith teoranta dóibh;

– easpa comhlíontachta [an iarratasóra] le cinneadh [NBS] an 14 Eanáir 2022 a bhaineann le [sáruithe ar na rialacha maidir le] forálacha teicniúla;

– na leasuithe aontaobhacha a thug [an t-iarratasóir] maidir le coinníollacha ginearálta conarthaí agus le bearta infheistíochta; [...]

– leordhóthanacht [féinmheasúnú riosca agus sócmhainneachta] [an iarratasóra].

(45) Iarrann an Coimisiún ar NBS agus [ÚEÁCP], laistigh de 10 lá oibre [...], eolas a chur air faoi na bearta atá déanta aige nó atá beartaithe aige a dhéanamh chun an tuairim fhoirmiúil seo a chomhlíonadh […]’

10 An 31 Deireadh Fómhair 2022, tharraing NBS údarú an iarratasóra siar (‘an cinneadh maidir le húdarú a tharraingt siar’). An 1 Meitheamh 2023, dheimhnigh NBS an tarraingt siar sin.

An t-ordú atá á lorg ag na páirtithe

11 Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

– an gníomh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

– a ordú don Choimisiún na costais a íoc.

12 Iarrann an Coimisiún ar an gCúirt Ghinearálta:

– an chaingean a dhíbhe toisc í a bheith do-ghlactha;

– a ordú don iarratasóir na costais a íoc.

13 Ina theannta sin, iarrann t-iarratasóir ar an gCúirt Ginearálta freisin, mar bheart eagrúcháin nós imeachta nó beart fiosrúcháin, a ordú don Choimisiún, go bunúsach, na doiciméid uile a chur ar fáil chun measúnú a dhéanamh ar stair agus éifeachtaí an ghnímh atá faoi chonspóid.

An dlí lena mbaineann

An phléadáil maidir le do-ghlacthacht

14 De bhun Airteagal 130(1) agus (7) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta, má iarrann an cosantóir, féadfaidh an Chúirt breith a thabhairt ar dho-ghlacthacht nach mbeidh feidhmiúil ar shubstaint an cháis. Sa chás seo, measann an Chúirt Ghinearálta go bhfuil faisnéis leordhóthanach aici ó na doiciméid sa chomhad agus chinn sí breith a thabhairt gan aon chéim eile a thabhairt sna himeachtaí agus gan é a bheith riachtanach na bearta eagrúcháin nós imeachta nó na bearta fiosrúcháin a d'iarr an t-iarratasóir a ghlacadh.

15 Ina phléadáil maidir le do-ghlacthacht, maíonn an Coimisiún, ar an gcéad dul síos, ós rud é nach bhfuil éifeachtaí dlíthiúla ceangailteacha aige, nach féidir leis an gníomh atá faoi chonspóid a bheith ina ábhar caingne le haghaidh neamhniú, ar an dara dul síos, ós rud é nach dá chúram díreach an gníomh sin, nach bhfuil *locus standi* ag an iarratasóir chun imeachtaí a thionscnamh agus, ar an tríú dul síos, nár tionscnaíodh an chaingean laistigh den teorainn ama chun imeachtaí a thionscnamh.

16 Cuireann an t-iarratasóir i gcoinne na dtrí chuid den phléadáil maidir le do-ghlacthacht. Go háirithe, áitíonn sé, ar an gcéad dul síos, go bhfuil éifeachtaí dlíthiúla ceangailteacha ag an ngníomh atá faoi chonspóid agus, dá bhrí sin, go bhféadfadh sé a bheith ina ábhar do chaingean le haghaidh neamhniú agus, ar an dara dul síos, gur dá chúram an gníomh sin go díreach agus go leithleach. Míníonn sé, go bunúsach, go gceanglaítear ar NBS leis an ngníomh sin gníomhaíocht réamhchinntithe a dhéanamh, eadhon a údarú a tharraingt siar.

17 Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar dtús ar an dá chuid den phléadáil maidir le do-ghlacthacht agus, dá bhrí sin, a áirithiú, ar an gcéad dul síos, an gníomh inchonspóide é an gníomh atá faoi chonspóid agus, ar an dara dul síos, an de chúram díreach an iarratasóra an gníomh sin.

Láithreacht gnímh atá faoi chonspóid

18 Faoin gcéad fhomhír d'Airteagal 263 CFAE, déanann Cúirteanna an Aontais léirmheas ar dhlíthiúlacht ghníomhartha institiúidí, chomhlachtaí, oifigí agus ghníomhaireachtaí an Aontais 'atá ceaptha chun éifeacht dhlíthiúil a bheith acu i leith tríú páirtithe'.

19 Leanann sé go bhfuil an chaingean le haghaidh neamhniú, dá bhforáiltear in Airteagal 263 CFAE, ar fáil i leith gach birt nó forála arna nglacadh ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí an Aontais, beag beann ar a gcineál nó ar a bhfoirm, atá beartaithe chun éifeachtaí dlíthiúla ceangailteacha a bheith acu (breithiúnas an 31 Márta 1971, *an Coimisiún* v *an Chomhairle*, 22/70, EU:C:1971:32, míreanna 39 agus 42; féach freisin breithiúnas an 15 Iúil 2021, *FBF*, C-911/19, EU:C:2021:599, mír 36 agus an cásdlí dá dtagraítear).

20 Os a choinne sin, aon ghníomh de chuid an Aontais nach bhfuil éifeachtaí dlíthiúla ceangailteacha aige, ní bheidh sé faoi réir an athbhreithnithe bhreithiúnaigh dá bhforáiltear in Airteagal 263 CFAE (féach breithiúnas an 15 Iúil 2021, *FBF*, C-911/19, EU:C:2021:599, mír 37 agus an cásdlí dá dtagraítear).

21 Tá feidhm aige sin go háirithe le tuairimí, nach bhfuil sé beartaithe go mbeidh éifeachtaí dlíthiúla ceangailteacha acu. Trí thuairimí a bhunú mar chatagóir ar leith de ghníomhartha an Aontais agus trína fhoráil go sainráite nach mbeidh 'aon bhrí cheangailteach' leo, tá sé beartaithe leis an gcúigiú fomhír d'Airteagal 288 CFAE a chur ar chumas institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais a dtuairimí a chur in iúl laistigh de réimsí nach bhfuil inniúlacht acu cinntí ceangailteacha a ghlacadh (féach, chuige sin, breithiúnais an 13 Nollaig 1990, *Nefarma* v *an Coimisiún*, T-113/89, EU:T:1990:82, mír 68 agus an cásdlí dá dtagraítear, agus an 24 Márta 2017, *an Eastóin* v *an Coimisiún*, T-117/15, EU:T:2017:217, mír 45 agus an cásdlí dá dtagraítear). Ina theannta sin, ní féidir leis an ráiteas ina n-áitítear nach bhfuil inti ach tuairim dhlíthiúil a bheith in ann éifeachtaí dlíthiúla a chruthú (féach, chuige sin, breithiúnas an 25 Deireadh Fómhair 2017, *an Rómáin* v *an Coimisiún*, C-599/15 P, EU:C:2017:801, mír 62).

22 Mar sin féin, ní bheidh feidhm ag an neamhfhéidearthacht caingean le haghaidh neamhniú a thabhairt i gcoinne tuairime más rud é nach fíorthuairim é an gníomh atá faoi chonspóid de réir a inneachair (féach, chuige sin, breithiúnas an 20 Feabhra 2018, *an Rómáin* v *an Coimisiún*, C-16/16 P, EU:C:2018:79, mír 29).

23 Chun a chinneadh an mbeidh éifeachtaí dlíthiúla ceangailteacha ag gníomh, is gá substaint an ghnímh sin a scrúdú agus measúnú a dhéanamh ar a éifeachtaí i bhfianaise critéir oibiachtúla, amhail inneachar an ghnímh sin, agus i gcás inarb iomchuí, an comhthéacs inar glacadh an gníomh sin á chur san áireamh chomh maith le cumhachtaí na hinstitiúide, an chomhlachta, na hoifige nó na gníomhaireachta de chuid an Aontais is údar dó (féach breithiúnas an 15 Iúil 2021, *FBF*, C-911/19, EU:C:2021:599, mír 38 agus an cásdlí dá dtagraítear). Ina theannta sin, féadfar an critéar suibiachtúil a bhaineann le hintinn údar an ghnímh a chur san áireamh freisin (féach, chuige sin, breithiúnas an 6 Bealtaine 2021, *ABLV Bank agus páirtithe eile* v *BCE*, C-551/19 P agus C-552/19 P, EU:C:2021:369, mír 42 agus an cásdlí dá dtagraítear).

24 Sa chás seo, sa chéad áit, maidir le inneachar an ghnímh atá faoi chonspóid, a bhfuil achoimre déanta air i míreanna 7 go 9 thuas, ba cheart a thabhairt faoi deara go léirítear sárú leanúnach ar dhlí an Aontais, a rinne NBS leis an ngníomh sin, agus leagtar amach an ghníomhaíocht atá le déanamh aige chun deireadh a chur leis an sárú sin. Dar leis an gCoimisiún, is éard atá ann ná cinneadh críochnaitheach a ghlacadh, laistigh de thréimhse 4 mhí, maidir leis an iarratasóir, lena n-áirítear gníomhaíocht mhaoirseachta atá in ann comhlíonadh dhlí an Aontais a áirithiú, amhail cinneadh a údarú a tharraingt siar.

25 Sa dara háit, maidir le foclaíocht an ghnímh atá faoi chonspóid, ba cheart a thabhairt faoi deara, sa dá leagan bharántúla, go ndéantar cur síos uaireanta ar an ngníomh sin, ina theideal agus i mír 43 de, mar 'thuairim' ('opinion' sa leagan Béarla agus 'stanovisko' sa leagan Slóvaicise) agus uaireanta, i míreanna 10 agus 45, mar 'thuairim fhoirmiúil' ('formal opinion' sa leagan Béarla agus 'formálne stanovisko' sa leagan Slóvaicise). Mar sin, d'fhéadfaidh an tagairt do choincheap na 'tuairime foirmiúla', cé go bhfuil sé débhríoch, a thabhairt le fios nach tuairim gan éifeacht cheangailteach amháin atá sa ghníomh a chonspóidtear.

26 Thairis sin, tugann an Coimisiún dá aire, agus mar is ceart, go ndéantar an gníomh atá faoi chonspóid a tharraingt suas go bunúsach i dtéarmaí neamhéigeantacha, sa leagan Béarla agus sa leagan Slóvaicise araon. Úsáidtear an modh coinníollach roinnt uaireanta i gconclúid an ghnímh sin, mar a léirítear le húsáid na dtéarmaí 'should' (ba cheart) agus 'would ensure' (d'áiritheofaí) i mBéarla, agus 'by [...] mala' (ba cheart) agus 'by […] zabezpečil' nó 'by […] zabezpečilo' (d'áiritheofaí) sa tSlóvaicis (míreanna 42 go 44 den ghníomh atá faoi chonspóid).

27 Sa tríú háit, maidir leis an gcomhthéacs inar glacadh an gníomh atá faoi chonspóid agus cumhachtaí a údair, ba cheart a mheabhrú, mar is léir ó aithris 27 de Rialachán Uimh. 1094/2010, go mbunaítear le hAirteagal 17 den Rialachán sin 'sásra trí chéim' nuair a chuirtear i leith údarás náisiúnta, ina chleachtais mhaoirseachta, neamhchomhlíonadh nó cur i bhfeidhm mícheart nó neamhleor dhlí an Aontais, go háirithe na gníomhartha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) den Rialachán sin, lena n-áirítear Treoir 2009/138.

28 Sa chéad chéim, de bhun na chéad fhomhíre d'Airteagal 17(2) de Rialachán Uimh. 1094/2010, déanann ÚEÁPC imscrúdú, i gcás inarb iomchuí, ar shárú nó neamhchomhlíonadh líomhainte dhlí an Aontais. Tar éis an imscrúdaithe sin agus de bhun na chéad fhomhíre d'Airteagal 17(3) den Rialachán sin, féadfaidh ÚEÁPC moladh a dhíriú chuig an údarás náisiúnta lena mbaineann, 'ar moladh é ina leagfar amach an ghníomhaíocht is gá a dhéanamh chun dlí an Aontais a chomhlíonadh'.

29 Sa dara céim, i gcás nach mbeidh dlí an Aontais á chomhlíonadh ag an údarás náisiúnta lena mbaineann laistigh de mhí amháin ó mholadh ÚEÁPC a fháil, féadfaidh an Coimisiún, de bhun na chéad fhomhíre d'Airteagal 17(4) de Rialachán Uimh. 1094/2010 'tuairim fhoirmiúil a eisiúint á cheangal ar an údarás [sin] [...] an ghníomhaíocht [is gá a dhéanamh] chun dlí an Aontais a chomhlíonadh'.

30 Sa tríú céim, más rud é nach ndéanann an t-údarás náisiúnta lena mbaineann de réir na tuairime foirmiúla arna heisiúint ag an gCoimisiún laistigh den tréimhse ama a leagtar síos sa tuairim sin agus má chomhlíontar coinníollacha áirithe, féadfaidh ÚEÁPC, ar bhonn na chéad fhomhíre d'Airteagal 17(6) de Rialachán Uimh. 1094/2010, 'cinneadh ar leithligh a ghlacadh a bheidh dírithe ar [an institiúid airgeadais lena mbaineann] á cheangal go ndéanfaidh an institiúid airgeadais gach gníomhaíocht is gá chun a cuid oibleagáidí faoi dhlí an Aontais a chomhlíonadh, lena n-áirítear scor d'aon chleachtas.'

31 Dá réir sin, leanann sé ó fhoclaíocht Airteagal 17 de Rialachán Uimh. 1094/2010 nach ndéanann na moltaí arna n-eisiúint ag ÚEÁPC ar bhonn Airteagal 17(3) den Rialachán sin ach an ghníomhaíocht is gá a dhéanamh a 'leagan amach', ach go 'gceanglaítear' leis na tuairimí foirmiúla arna n-eisiúint ag an gCoimisiún ar bhonn Airteagal 17(4) den Rialachán sin agus na cinntí leithleacha arna nglacadh ag ÚEÁPC ar bhonn Airteagal 17(6) den Rialachán sin, ar a seolaithe faoi seach an ghníomhaíocht is gá a dhéanamh.

32 Ina theannta sin, foráiltear leis an dara fomhír d'Airteagal 17(7) de Rialachán Uimh. 1094/2010, nuair a bheidh gníomhaíocht á déanamh maidir le saincheisteanna atá faoi réir tuairim fhoirmiúil arna heisiúint ag an gCoimisiún nó faoi réir cinneadh ar leithligh ÚEÁPC, comhlíonfaidh na húdaráis náisiúnta lena mbaineann 'an tuairim fhoirmiúil nó an cinneadh, de réir mar a bheidh an cás'. Os a choinne sin, ní fhoráiltear leis an bhforáil sin ná le haon fhoráil eile de Rialachán Uimh. 1094/2010 go gceanglaítear ar na húdaráis sin na moltaí arna n-eisiúint ag ÚEÁPC a chomhlíonadh.

33 Dá bhrí sin, leanann sé ó fhoclaíocht Airteagal 17 de Rialachán Uimh. 1094/2010 agus ó struchtúr an tsásra trí chéim go bhforáiltear leis an Airteagal sin nach bhfuil sna moltaí arna n-eisiúint ag ÚEÁPC ar bhonn Airteagal 17(3) den Rialachán sin ach moltaí agus nach bhfuil sé beartaithe leo féin éifeachtaí dlíthiúla ceangailteacha a bheith acu i leith an údaráis náisiúnta lena mbaineann nó na hinstitiúide airgeadais lena mbaineann (féach, chuige sin agus de réir analaí, breithiúnas an 25 Márta 2021, *Balgarska Narodna Banka*, C-501/18, EU:C:2021:249, míreanna 79 agus 80). Os a choinne sin, bíonn éifeachtaí dlíthiúla ceangailteacha ag na tuairimí foirmiúla arna n-eisiúint ag an gCoimisiún ar bhonn Airteagal 17(4) de Rialachán Uimh. 1094/2010 agus ag na cinntí leithleacha arna nglacadh ag ÚEÁPC ar bhonn Airteagal 17(6) den Rialachán sin i leith a seolaithe.

34 Sa cheathrú háit, agus sa bhreis air sin, maidir le hintinn údar an ghnímh atá faoi chonspóid, níl aon rud sa chomhad a thugann le fios, tríd an ngníomh sin a ghlacadh ar bhonn Airteagal 17(4) de Rialachán Uimh. 1094/2010, gur mhian leis an gCoimisiún tuairim shimplí a ghlacadh nach raibh aon éifeacht cheangailteach léi. Go háirithe, níl aon léiriú sainráite sa ghníomh atá faoi chonspóid nach mbeadh NBS faoi cheangal é a chomhlíonadh. Os a choinne sin, tugtar chun cuimhne leis an ngníomh sin go sonrach, de bhun Airteagal 17(4) de Rialachán Uimh. 1094/2010, féadfaidh an Coimisiún 'tuairim fhoirmiúil a eisiúint á cheangal ar an údarás [náisiúnta lena mbaineann] an ghníomhaíocht is gá a dhéanamh' (mír 10 den ghníomh atá faoi chonspóid). Ina theannta sin, i bpreaseisiúint a bhaineann leis an ngníomh atá faoi chonspóid, shoiléirigh an Coimisiún gur ghníomhaigh sé 'i gcomhréir leis an ról atá leagtha amach [dó] in Airteagal 17 de Rialachán [Uimh. 1094/2010]'.

35 Sna himthosca sin, i bhfianaise na mbreithnithe a leagtar síos i míreanna 24 go 34 thuas agus cé go bhfuil an gníomh atá faoi chonspóid dréachtaithe go bunúsach i dtéarmaí neamhéigeantacha (féach mír 26 thuas), ní mór teacht ar an gconclúid go bhfuil éifeachtaí dlíthiúla ceangailteacha ag an ngníomh sin i ndáil le NBS, sa chaoi a cheanglaítear air, i leith an iarratasóra, cinneadh críochnaitheach a ghlacadh, laistigh de 4 mhí, ina bhfuil gníomhaíocht mhaoirseachta a d'fhéadfadh comhlíonadh dhlí an Aontais a áirithiú. Dá bhrí sin, murab ionann agus an méid a mheas an Coimisiún, féadfaidh an gníomh sin a bheith ina ábhar do chaingean le haghaidh neamhniú faoi Airteagal 263 CFAE.

36 Dá bharr sin, ní mór diúltú don chéad chuid den phléadáil maidir le do-ghlacthacht.

Locus standi *agus, go sonrach, cúram díreach an iarratasóra*

37 De bhun an cheathrú fomhír d'Airteagal 263 CFAE, féadfaidh aon duine nádúrtha nó dlítheanach, faoi na coinníollacha atá leagtha síos sa chéad mhír agus sa dara mír den Airteagal sin, imeachtaí le haghaidh neamhniú a thionscnamh in aghaidh trí chineál gnímh, eadhon, ar an gcéad dul síos, gníomh a díríodh chuig an duine sin, ar an dara dul síos, na gníomhartha is dá chúram go díreach agus go leithleach agus, ar an tríú dul síos, in aghaidh gníomh rialúcháin is dá chúram go díreach agus nach bhfuil bearta cur chun feidhme ag gabháil leis.

38 Ba cheart a thabhairt faoi deara ar dtús, ar thaobh amháin, go bhfuil an gníomh atá faoi chonspóid dírithe chuig NBS amháin. Mar thoradh air sin, ós rud é nach seolaí an ghnímh sin é, níl an ceart ag an iarratasóir imeachtaí a thionscnamh ar bhonn na chéad choda den cheathrú fomhír d'Airteagal 263 CFAE.

39 Ar an taobh eile, is gníomh de raon feidhme aonair é an gníomh atá faoi chonspóid agus, dá bhrí sin, ní gníomh rialúcháin é. Mar thoradh air sin, níl an ceart ag an iarratasóir imeachtaí a thionscnamh ach oiread ar bhonn an tríú habairt den cheathrú fomhír d'Airteagal 263 CFAE.

40 Sna himthosca sin, ní mór a mheas an bhfuil an ceart ag an iarratasóir imeachtaí a thionscnamh ar bhonn an dara habairt den cheathrú fomhír d'Airteagal 263 CFAE.

41 I ndáil leis sin, ba cheart a mheabhrú go bhfuil coinníollacha an chúraim dhírigh, ar thaobh amháin, agus an chúraim leithligh, ar an taobh eile, – dá bhforáiltear sa dara habairt den cheathrú fomhír d'Airteagal 263 CFAE – carnach agus ar leithligh (féach, chuige sin, breithiúnas an 3 Deireadh Fómhair 2013, *Inuit Tapiriit Kanatami agus páirtithe eile* v *an Pharlaimint agus an Chomhairle*, C-583/11 P, EU:C:2013:625, míreanna 75 agus 76 agus an cásdlí dá dtagraítear).

42 In imthosca an cháis seo, ba cheart breithniú a dhéanamh ar an gcéad dul síos an bhfuil an chéad choinníoll, a bhaineann le cúram díreach an iarratasóra, á chomhlíonadh.

43 De réir cásdlí socair, éilítear leis an gcoinníoll ar dá réir a gcaithfidh an beart is ábhar don chaingean a bheith ina chúram díreach don duine nádúrtha nó dlítheanach, go gcaithfear dhá chritéar charnacha a chomhlíonadh, eadhon, ar an gcéad dul síos, nach mór don bheart sin difear díreach a dhéanamh do staid dhlíthiúil an duine sin agus, ar an dara dul síos, nach bhfágtar aon lánrogha dóibh siúd atá freagrach as a chur chun feidhme leis an mbeart sin, eadhon, an cur chun feidhme sin a bheith uathoibríoch go hiomlán agus a bheith ag eascairt as rialacha an Aontais astu féin, gan rialacha idirmheánacha eile a chur i bhfeidhm (féach breithiúnas an 12 Iúil 2022, *Nord Stream 2* v *an Pharlaimint agus an Chomhairle*, C-348/20 P, EU:C:2022:548, mír 43 agus an cásdlí dá dtagraítear).

44 Shoiléirigh an Chúirt go bhféadfaidh baint dhíreach a bheith ag aon ghníomh, go bunúsach, le duine aonair agus dá bhrí sin d'fhéadfadh sé difear díreach a dhéanamh dá staid dhlíthiúil, is cuma cé acu bearta cur chun feidhme atá i gceist leis. Dá bhrí sin, níl sé ábhartha na bearta cur chun feidhme a bheith glactha nó a ghlacadh mar sin féin, ós rud é nach gcaitear amhras ar chineál díreach an naisc idir an gníomh atá faoi chonspóid agus na héifeachtaí sin leo. Foráiltear leis sin nach mbeidh aon lánrogha ag a sheolaithe maidir le forchur na n-éifeachtaí sin ar an duine aonair sin leis an ngníomh sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 12 Iúil 2022, *Nord Stream 2* v *an Pharlaimint agus an Chomhairle*, C-348/20 P, EU:C:2022:548, mír 74).

45 Thairis sin, ní mór measúnú a dhéanamh ar an inniúlacht atá i ngnímh difear a dhéanamh do staid dhlíthiúil duine nádúrtha nó dhlítheanaigh go díreach, ar thaobh amháin, agus ar lánrogha a bheith ag na seolaithe a bhfuil sé de chúram orthu an gníomh sin a chur chun feidhme, ar an taobh eile, trí thagairt a dhéanamh do shubstaint an ghnímh sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 12 Iúil 2022, *Nord Stream 2* v *an Pharlaimint agus an Chomhairle*, C-348/20 P, EU:C:2022:548, míreanna 63, 64 agus 95).

46 Sa chás seo, ceanglaítear ar NBS leis an ngníomh atá faoi chonspóid, ag mír 43 go háirithe, cinneadh cinntitheach a ghlacadh i leith an iarratasóra, laistigh de 4 mhí, ina bhfuil gníomhaíochtaí maoirseachta chun comhlíonadh dhlí an Aontais a áirithiú (féach míreanna 24 agus 35 thuas).

47 Mar thoradh air sin, ní thugtar lánrogha do NBS an gníomh atá faoi chonspóid maidir leis an bprionsabal féin a bhaineann le cinneadh agus gníomhaíochtaí maoirseachta a ghlacadh laistigh de thréimhse ar leith.

48 Thairis sin, tugtar lánrogha do NBS leis an ngníomh atá faoi chonspóid maidir le cineál na gníomhaíochta maoirseachta atá le glacadh, gan amhras. Go deimhin, ní cheanglaítear ná ní chuirtear cosc ar NBS gníomhaíocht sonrach a glacadh leis an ngníomh sin.

49 Go háirithe, níor chuir an Coimisiún de cheangal ar NBS údarú an iarratasóra a tharraingt siar. Go deimhin, ar an gcéad dul síos, i mír 38 den ghníomh atá faoi chonspóid, mheabhraigh an institiúid sin ‘gur faoin údarás maoirseachta atá sé gach beart maoirseachta aonair a roghnú maidir le heintiteas faoi mhaoirseacht’. Ina dhiaidh sin, is léir ó mhír 41 den ghníomh atá faoi chonspóid nár bhreithnigh an Coimisiún ar údarú a tharraing an t-iarratasóir siar ach amháin má bhí beart den sórt sin ‘iomchuí nó éigeantach’ faoi Airteagal 144 de Threoir 2009/138. Ar deireadh agus níos tábhachtaí arís, de réir chonclúid an ghnímh sin agus, go sonrach, i mír 44 de, níor shonraigh an Coimisiún ach go mbeadh tarraingt siar den sórt sin de chineál a d’áiritheodh comhlíonadh dhlí an Aontais ag an iarratasóir agus ag NBS, gan, áfach, a cheangal ar NBS an tarraingt siar sin a dhéanamh.

50 Sa chomhthéacs sin, ní raibh lánrogha NBS ach teoranta leis na forálacha dlíthiúla is infheidhme, agus go háirithe le hAirteagal 144(1) de Threoir 2009/138, lena gceadaítear, i gcásanna áirithe, agus lena gceanglaítear, i gcásanna eile, d’údarás maoirseachta an Bhallstáit baile údarú gnóthais árachais nó athárachais a tharraingt siar.

51 Dá bhrí sin, choinnigh NBS lánrogha maidir leis na bearta atá le déanamh i leith an iarratasóra a shainiú agus, dá bhrí sin, ní fhéadfadh ach na bearta a rinne NBS difear díreach a dhéanamh don iarratasóir. Níl aon nasc díreach, de réir bhrí an chásdlí dá dtagraítear i mír 44 thuas, idir an gníomh atá faoi chonspóid agus éifeachtaí na mbeart cur chun feidhme a ghlac NBS ina dhiaidh sin i ndáil leis an iarratasóir.

52 Sna himthosca sin, ba cheart a mheas, ar a laghad, nach gcomhlíontar an dara critéar a leagtar amach i mír 43 thuas sa chás seo, agus mar thoradh air sin nach gcomhlíontar an coinníoll a bhaineann le cúram díreach an iarratasóra.

53 Ní chaitear amhras ar an gconclúid sin le hargóintí an iarratasóra.

54 Ar an gcéad dul síos, áitíonn an t-iarratasóir, go bunúsach, go raibh sé beartaithe ag an gCoimisiún lánrogha NBS a theorannú agus a neamhniú trína cheangal air a údarú a tharraingt siar láithreach, d’eisiamh cur chuige níos céimsí agus aon bheart eile. Tagann sé ar an gconclúid gurb é an cinneadh údarú a tharraingt siar iarmhairt dhíreach agus uathoibríoch an ghnímh a chonspóidtear.

55 I ndáil leis sin, leanann sé ón méid a tugadh faoi deara i míreanna 48 go 51 thuas nár chuir an Coimisiún teorainn le lánrogha NBS maidir le cineál na gníomhaíochta maoirseachta atá le déanamh i leith an iarratasóra agus, go háirithe, nár chuir sé de cheangal air údarú an iarratasóra a tharraingt siar.

56 Ba cheart a lua, ar an gcéad dul síos, cé gur luaigh an Coimisiún, i mír 38 den ghníomh a chonspóidtear, go bunúsach, go raibh lánrogha údaráis mhaoirseachta ‘teoranta’ mar gheall ar an ngá le gníomhaíocht mhaoirseachta éifeachtach dhochloíte a ghlacadh, nach ndearnadh réamhbhreith leis an meabhrúchán ginearálta sin ar chineál na gníomhaíochta maoirseachta atá le déanamh sa chás seo.

57 Ar an gcaoi chéanna, cé gur thagair an Coimisiún, i mír 32 den ghníomh atá faoi chonspóid, do réamh-mheasúnú ÚEÁPC, a fuarthas an 6 Iúil 2022, ‘go n-éileodh comhlíonadh dhlí an Aontais cinneadh críochnaitheach dochloíte (i.e. údarú a tharraingt siar)’, ní hionann an tagairt sin do sheasamh ÚEÁPC agus seasamh an Choimisiúin, a chuirtear in iúl i míreanna 41 agus 44 den

ghníomh sin, agus nach mbeartaítear leis údarú an iarratasóra a tharraingt siar ach amháin mar threoir agus faoi réir beart den sórt sin a bheith 'iomchuí nó éigeantach' faoi Airteagal 144 de Threoir 2009/138 (féach mír 49 thuas).

58 Ina dhiaidh sin, cé gur suíodh gur chuir an Coimisiún cineál 'brú pholaitiúil' ar NBS chun go dtarraingeodh sé údarú an iarratasóra siar, ní leor sin chun teacht ar an gconclúid go raibh sé beartaithe ag an gCoimisiún ní hamháin spreagadh a thabhairt do NBS, ach iallach dlíthiúil a chur air freisin tarraingt siar den sórt sin a tharraingt siar.

59 Ar deireadh, fiú má shuitear go bhféadfadh ról spreagthach a bheith ag an ngníomh a chonspóidtear i nglacadh an chinnidh údarú a tharraingt siar, ní eascraíonn sé ach as nósanna imeachta a bheith ann a bhaineann le ÚEÁPC agus leis an gCoimisiún agus, ar an taobh eile, na húdaráis náisiúnta, lena n-áirítear NBS, agus a bheith ag idirghníomhú leo. Dá bhrí sin, ní féidir le himthosca den sórt sin nasc díreach agus uathoibríoch a bhunú idir an ghníomh atá faoi chonspóid agus an cinneadh údarú a tharraingt siar.

60 Ar an dara dul síos, maíonn an t-iarratasóir, sa ghníomh atá faoi chonspóid, gur fhormheas an Coimisiún, trí éifeacht cheangailteach a thabhairt dóibh, torthaí earráideacha ÚEÁPC go ndearna sé 'sáruithe sainaitheanta' agus go raibh 'meathlú ar [a] staid airgeadais' os a chomhair. Agus an méid sin á dhéanamh aige, bhí tionchar díreach agus diúltach ag an gCoimisiún ar a sheasamh dlíthiúil, gan beann ar an gcinneadh údarú a tharraingt siar.

61 I ndáil leis sin, ba cheart a mheabhrú, beag beann ar na forais ar a bhfuil cinneadh bunaithe, nach féidir ach leis an gcuid oibríochtúil den chinneadh sin éifeachtaí dlíthiúla a bheith aici agus, dá bhrí sin, difear díreach a dhéanamh d'iarratasóir (féach, chuige sin, breithiúnas an 28 Eanáir 2004, *an Ísiltír* v *an Coimisiún*, C-164/02 P, EU:C:2004:54, mír 21). Sa chás seo, ní dhéanann measúnuithe an Choimisiúin ar a raibh an t-iarratasóir ag brath ach seasamh ÚEÁPC a mheabhrú agus deimhnítear leo go leanann an t-iarratasóir ar aghaidh de bheith i mbun cleachtais mhíchuí (míreanna 26 agus 38, go háirithe, den ghníomh atá faoi chonspóid). Is ionann na measúnuithe sin, ar a mhéad, agus forais an ghnímh atá faoi chonspóid agus ní bhíonn aon éifeacht dhlíthiúil acu atá éagsúil leo siúd a eascraíonn as an gcuid chonclúideach den ghníomh sin (míreanna 42 go 45 den bheart atá faoi chonspóid). Dá bhrí sin, ní féidir leis na measúnuithe sin difear díreach a dhéanamh don iarratasóir.

62 Ar an tríú dul síos, míníonn an t-iarratasóir, tar éis an chinnidh údarú a tharraingt siar, go raibh air scor dá tháirgí árachais saoil a dháileadh agus dul i ngleic le cáineadh ón bpreas. Thairis sin, bhí sé faoi réir imeachtaí leachtaithe agus dócmhainneachta sa tSlóvaic, nó bhí sé faoi bhagairt go dtarlódh a leithéid. Mar thoradh air sin, d'fhoirceann go leor custaiméirí a gconarthaí árachais saoil. Ina theannta sin, rinneadh difear tromchúiseach dá chaidreamh le hidirghabhálaithe agus le bainisteoirí sócmhainní, d'fhág go leor fostaithe é agus bhí costais arda dlí tabhaithe aige.

63 I ndáil leis sin, ní mór a thabhairt faoi deara, ar an gcéad dul síos, nach leanann oibleagáid an iarratasóra a ghníomhaíochtaí gnó a stopadh go díreach ón ngníomh atá faoi chonspóid, ach ón gcinneadh a údarú a tharraingt siar amháin. Thairis sin, ní shuíonn an t-iarratasóir, ná ní líomhnaíonn sé fiú, go bhfuil aon nasc dlíthiúil idir an gníomh a chonspóidtear agus na himeachtaí leachtaithe agus dócmhainneachta dá dtagraíonn sé.

64 Ar an taobh eile, is de chineál eacnamaíoch iad na héifeachtaí diúltacha eile arna n-agairt ag an iarratasóir , agus mar thoradh air sin ní féidir iad a chur san áireamh chun éifeacht ar a staid dhlíthiúil a shuíomh (féach, chuige sin, breithiúnas an 5 Samhain 2019, *BCE agus páirtithe eile* v *Trasta Komercbanka agus páirtithe eile*, C-663/17 P, C-665/17 P agus C-669/17 P, EU:C:2019:923, mír 109).

65 Sa cheathrú háit, maíonn an t-iarratasóir, go bunúsach, go bhfuil gá leis an bhféidearthacht caingean dhíreach a thionscnamh i gcoinne an ghnímh atá faoi chonspóid chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a áirithiú, i gcomhréir le hAirteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt'). Mínítear ann go mbeadh caingean os comhair chúirteanna na Slóvaice i gcoinne an chinnidh maidir le húdarú a tharraingt siar, mar aon le hagóid theagmhasach in aghaidh dhlíthiúlacht an ghnímh atá faoi chonspóid, éiginnte agus neamhleor.

66 I ndáil leis sin, ba cheart a mheabhrú nach bhfuil sé i gceist leis an gceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil, mar a ráthaítear sa chéad fhomhír d'Airteagal 47 den Chairt, athrú a dhéanamh ar chóras an athbhreithnithe bhreithiúnaigh dá bhforáiltear sna Conarthaí, agus go háirithe na rialacha a bhaineann le hinghlacthacht caingne arna dtabhairt go díreach os comhair Chúirteanna an Aontais Eorpaigh. Dá bhrí sin, ní mór na coinníollacha inghlacthachta a leagtar síos in Airteagal 263 CFAE a léiriú i bhfianaise an chirt chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil, gan, áfach, na coinníollacha sin a leagtar síos go sainráite i CFAE a chur ar leataobh (féach, chuige sin, breithiúnas an 28 Aibreán 2015, *T & L Sugars agus Sidul Açúcares* v *an Coimisiún*, C-456/13 P, EU:C:2015:284, míreanna 43 agus 44 agus an cásdlí dá dtagraítear).

67 B'amhlaidh an cás go beacht dá gceadófaí don iarratasóir caingean le haghaidh neamhniú a thionscnamh i gcoinne tuairim fhoirmiúil ón gCoimisiún nach ndéanann difear díreach di, de réir bhrí an chásdlí a luaitear i mír 43 thuas.

68 Thairis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil dlínse ag Cúirteanna an Aontais Eorpaigh chun réamhrialuithe a thabhairt ar bhailíocht gníomhartha arna nglacadh ag institiúidí an Aontais, gan aon eisceacht, agus, go háirithe, ar thuairimí foirmiúla arna nglacadh ag an gCoimisiún ar bhonn Airteagal 17(4) de Rialachán Uimh. 1094/2010 (féach, chuige sin agus de réir analaí, breithiúnas an 25 Márta 2021, *Balgarska Narodna Banka*, C-501/18, EU:C:2021:249, míreanna 82 agus 83). Dá bhrí sin, i gcomhthéacs caingean i gcoinne na mbeart arna nglacadh ag NBS, agus go háirithe i gcoinne an chinnidh maidir le húdarú a tharraingt siar, féadfaidh cúirteanna na Slóvaice, más gá, tarchur a dhéanamh chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú maidir le bailíocht an ghnímh atá faoi chonspóid.

69 Is cosúil nach bhfuil na deacrachtaí praiticiúla a d'agair an t-iarratasóir maidir le héifeachtacht caingne os comhair chúirteanna na Slóvaice agus athbhreithniú teagmhasach ar an ngníomh atá faoi chonspóid dosháraithe.

70 Ar an gcéad dul síos, maidir leis an bhfíoras, sa chinneadh maidir le húdarú a tharraingt siar, nach raibh NBS ag brath ar an ngníomh atá faoi chonspóid agus nár thagair sé dó fiú, is iondúil go dtacaíonn sé sin le hargóint an Choimisiúin go bhfuil an cinneadh sin bunaithe ar fhorais atá go hiomlán neamhspleách ar fhorais an ghnímh atá faoi chonspóid. I gcás den sórt sin, d'fhéadfadh sé nach mbeadh gá le tarchur chun réamhrialú maidir le bailíocht an ghnímh sin.

71 Ina theannta sin, maidir le cineál ‘rúnda’ na ndoiciméad a mhalartaítear idir NBS, ÚEÁPC agus an Coimisiún, féadfaidh cúirteanna na Slóvaice, más gá, a cheangal ar NBS na doiciméid sin a thabhairt ar aird nó, ina éagmais sin, a iarraidh ar ÚEÁPC agus ar an gCoimisiún na doiciméid sin a nochtadh dóibh. Ceanglaítear le prionsabal an chomhair dhílis a leagtar síos in Airteagal 4(3) CAE, i bprionsabal, ar institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais an fhaisnéis a iarrann cúirt náisiúnta a chur in iúl a luaithe is féidir (féach, chuige sin, breithiúnas an 26 Samhain 2002, *First agus Franex*, C-275/00, EU:C:2002:711, mír 49 agus an cásdlí dá dtagraítear).

72 Ina dhiaidh sin, maidir le fad agus cineál neamhfhionraíochta líomhainte na n-imeachtaí os comhair chúirteanna na Slóvaice, ní thugann an t-iarratasóir bunús lena mhaíomh. In aon chás, ní gá gurb ionann easpa leigheas fionraíochta i gcoinne cinnidh agus sárú ar an gceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil (féach, chuige sin agus de réir analaí, breithiúnas an 17 Nollaig 2015, *Tall*, C-239/14, EU:C:2015:824, mír 59). Thairis sin, leanann sé ón gcéad fhomhír d’Airteagal 47 den Chairt agus ón dara fomhír d’Airteagal 19(1) CAE araon nach mór do na Ballstáit foráil a dhéanamh do chóras leigheasanna agus nósanna imeachta dlíthiúla chun a áirithiú go n-urramófar an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil sna réimsí a chumhdaítear le dlí an Aontais (féach, chuige sin, breithiúnas an 28 Aibreán 2015, *T & L Sugars agus Sidul Açúcares* v *an Coimisiún*, C-456/13 P, EU:C:2015:284, míreanna 49 agus 50 agus an cásdlí dá dtagraítear).

73 Ar deireadh, ní fhéadfadh sé a bheith de chuspóir ná d’éifeacht ag an bhfíoras gur chinn an Coimisiún, an 24 Aibreán 2024, imeachtaí um shárú a thionscnamh faoi Airteagal 258 CFAE i gcoinne Phoblacht na Slóvaice, ar an bhforas gur mhainnigh NBS a oibleagáidí a chomhlíonadh i bhfeidhmiú a chumhachtaí maoirseachta i leith an iarratasóra, in aon chás, cosaint bhreithiúnach éifeachtach a bhaint den iarratasóir os comhair chúirteanna na Slóvaice.

74 Is léir ó mhíreanna 46 go 73 thuas nach de chúram an iarratasóra go díreach an cinneadh atá faoi chonspóid. Mar thoradh air sin, gan é a bheith riachtanach scrúdú a dhéanamh an dá chúram an gníomh sin go leithleach, níl sé de cheart aige imeachtaí a thionscnamh faoin dara cuid den cheathrú fomhír d’Airteagal 263 CFAE ach an oiread. Dá bhrí sin, ní léiríonn an t-iarratasóir a *locus standi* chun imeachtaí a thionscnamh.

75 Dá bhrí sin, óir nach bhfuil aon ghá scrúdú a dhéanamh ar an tríú cuid den phléadáil maidir le do-ghlacthacht, ní mór seasamh leis an dara cuid den phléadáil sin agus an chaingean a dhíbhe toisc í a bheith do-ghlactha.

An t-iarratas ar idiragairt

76 Faoi Airteagal 142(2) de na Rialacha Nós Imeachta, beidh an idiragairt in éagmais aon chuspóir i gcás go ndeimhnítear go bhfuil an t-iarratas do-ghlactha. Sa chás seo, ós rud é go ndíbhtear an chaingean toisc í a bheith do-ghlactha, ní gá a thuilleadh breith a thabhairt ar an iarratas ar idiragairt arna thíolacadh ag Poblacht na Slóvaice.

Costais

77 Sa chéad áit, faoi Airteagal 134(1) de na Rialacha Nós Imeachta, ordófar don pháirtí caillteach na costais a íoc, má iarrtar iad i bpléadálacha an pháirtí a n-éireoidh leis. Ós rud é nár éirigh leis an iarratasóir, ní mór a ordú dó a chostais féin agus na costais arna dtabhú ag an gCoimisiún a íoc, i gcomhréir leis an ordú atá á lorg ag an gCoimisiún, cé is moite de na costais a bhaineann leis an iarratas ar idiragairt.

78 Sa dara háit, de bhun Airteagal 144(10) de na Rialacha Nós Imeachta, má thagann críoch leis na príomhimeachtaí sa chás sula ndéanfar cinneadh maidir leis an iarratas ar idiragairt, beidh an t-iarratasóir ar idiragairt agus na príomhpháirtithe freagrach as a gcostais féin maidir leis an iarratas ar idiragairt. Sa chás seo, ordaítear don iarratasóir, don Choimisiúin agus do Phoblacht na Slóvaice a gcostais féin a bhaineann leis an iarratas ar idiragairt a íoc.

Ar na forais sin,

ordaíonn AN CHÚIRT GHINEARÁLTA (an Seachtú Dlísheomra)

mar seo a leanas:

1. **Díbhtear an chaingean.**

2. **Níl gá breith a thabhairt ar an iarratas ar idiragairt a thíolaic Poblacht na Slóvaice.**

3. **Ordaítear do Novis Insurance Company, Novis Versicherungsgesellschaft, Novis Compagnia di Assicurazioni, Novis Poisťovňa a.s. a chostais féin agus costais an Choimisiúin a íoc seachas iad siúd a bhaineann leis an iarratas ar idiragairt.**

4. **Ordaítear do Novis Insurance Company, Novis Versicherungsgesellschaft, Novis Compagnia di Assicurazioni, Novis Poisťovňa, don Choimisiún agus do Phoblacht na Slóvaice a gcostais féin a bhaineann leis an idiragairt a íoc faoi seach.**

Arna dhéanamh i Lucsamburg an 23 Bealtaine 2025.

Cláraitheoir
V. Di Bucci

Uachtarán
K. Kowalik-Bańczyk